2023.M87T

2023L008A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Léann Clasaiceach

## Ardleibhéal

## Dé Luain 26 Meitheamh Tráthnóna 2:00 - 4:30

400 marc

**Scrúduimhir**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

**Lá agus Mí do Bhreithe**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.
Ní ceadmhach peann luaidhe ná pionsail dathadóireachta a úsáid **ach amháin** i líníochtaí nó i léaráidí.

Scríobh do chuid freagraí ar fad sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ann d'obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Déan aon obair bhreise a lipéadú go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | Ceisteanna Spreagtha<br>• Freagair **gach** ceist a chuirtear i láthair. | 200 marc |

Tá íomhánna le haghaidh Cheisteanna 1 – 6 i Roinn A ar **Pháipéar X** a ghabhann leis an scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn B** | Freagraí Fada | 200 marc |
| | • Freagair Ceist 11. | (120 marc) |
| | • Freagair ceist **amháin** as Ceisteanna 12 – 16. | (80 marc) |

Is ceadmhach líníochtaí, léaráidí, srl., a tharraingt, nuair is cuí, sa spás bán atá ar fáil lena aghaidh sin ar Lch 19 agus ar Lch 24 de Roinn B.

| Roinn A | Ceisteanna Spreagtha | 200 marc |
|---|---|---|

Freagair na **deich** gceist a leanas go léir.  Tá fiche marc ag gabháil le gach ceist.
Féach ar na híomhánna ar **Pháipéar X** mar a threoraítear i gCeist 1-6.

**Ceist 1** **(20 marc)**

Is éard atá in Íomhá A ná grianghraf de theampall sean-Ghréagach.

**(a)** Luaigh ainm an teampall in Íomhá A **agus** a shuíomh sa tSean-Aithin.

| Teampall: | Suíomh: |
|---|---|

**(b)** Tabhair cuntas ar **dhá** mhiotas ar bith a thaispeántar i ndealbha ar an teampall seo.

| |
|---|
| Ainm Mhiotas 1: |
| Suíomh ar an teampall: |
| Cuntas: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Ainm Mhiotas 2: |
| Suíomh ar an teampall: |
| Cuntas: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2** **(20 marc)**

In Íomhá B léirítear cráitéar cailíse rua-fhíorach ón tSean-Ghréig.

**(a)** Tabhair na hainmneacha Gréagacha agus Rómhánacha atá ar na **trí** dhia a léirítear in Íomhá B.

| | Ainm Gréagach | Ainm Rómhánach |
|---|---|---|
| **Dia 1** | | |
| **Dia 2** | | |
| **Dia 3** | | |

**(b)** Roghnaigh **dhá** cheann de na déithe in Íomhá B agus mínigh cén gaol atá eatarthu.

**(c)** Tabhair siombail(í) agus fearann na **dtrí** dhia atá lipéadaithe in Íomhá B.

| | Siombail(í) | Fearann |
|---|---|---|
| **Dia 1** | | |
| **Dia 2** | | |
| **Dia 3** | | |

**(d)** Cén fáth, dar leat, ar mhaisigh na Sean-Ghréagaigh a gcuid potaireachta le híomhánna de na déithe? Mínigh do fhreagra.

**Ceist 3** **(20 marc)**

Plaic adhlactha terracotta ón tSean-Ghréig atá in Íomhá C. Steil de chailín óg atá in Íomhá D.

**(a)** Déan cur síos ar an gcleachtas adhlactha ón tSean-Ghréig atá á thaispeáint in Íomhá C. Tagair do shonra **amháin** ar a laghad in Íomhá C mar thacaíocht le do fhreagra.

**(b)** Mínigh an tábhacht a bhain le cleachtais adhlactha i sochaí na Sean-Ghréige.

**(c)** Cén cuspóir a bhí le steil sa tSean-Ghréig?

**(d)** Déan trácht ar conas a chuirtear brón in iúl in Íomhá D. Tagair do shonraí in Íomhá D i do fhreagra.

**Ceist 4** **(20 marc)**

Taispeántar an Circus Maximus in Íomhá E.

**(a)** Mínigh go hachomair cén áit a raibh an Circus Maximus suite sa tSean-Róimh.

| |
|---|
| |
| |

**(b)** Ainmnigh **ceithre** ghné den Circus Maximus agus déan cur síos ar an úsáid a bhaintí astu sna himeachtaí a bhíodh ar siúl ansin.

| |
|---|
| Gné Ailtireachta 1: |
| Cur síos: |
| |
| |
| |

| |
|---|
| Gné Ailtireachta 2: |
| Cur síos: |
| |
| |
| |

| |
|---|
| Gné Ailtireachta 3: |
| Cur síos: |
| |
| |
| |

| |
|---|
| Gné Ailtireachta 4: |
| Cur síos: |
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(20 marc)**

Léaráid lipéadaithe den leagan amach ar na suíocháin sa Cholasaem atá in Íomhá F.

**(a)** Luaigh na catagóirí daoine a shuíodh i ngach ceann de na **cúig** roinn atá lipéadaithe in Íomhá F.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |
| 4. |
| 5. |

**(b)** Déan cur síos mionsonraithe ar eispéireas an lucht féachana sa Cholasaem bunaithe ar dhearcadh duine éigin as ceann **amháin** de na catagóirí a d'ainmnigh tú i bpáirt **(a)**.

| |
|---|
| Catagóir Roghnaithe: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6** **(20 marc)**

In Íomhá G taispeántar vása sean-Ghréagach ar a bhfuil radharc ón saol laethúil.
In Íomhá H taispeántar na Maighdeana Veisteacha.

**(a)** Cad iad na dualgais bhaineanna a léirítear in Íomhá G **agus** in Íomhá H?

| |
|---|
| Íomhá G: |
| Íomhá H: |

**(b)** Pléigh an tábhacht a bhain le dualgas **amháin** i bpáirt **(a)** ina shochaí.

**(c)** Ar mhair na mná a thaispeántar in Íomhá G **agus** in Íomhá H go maith ina saol laethúil, dar leat? Mínigh do fhreagra agus tagair do ról na mban sa tSean-Ghréig **agus** sa tSean-Róimh.

**Ceist 7** **(20 marc)**

Léigh an ráiteas seo a leanas ón Ollamh le Clasaicí, Timothy Duff.

> "I ndeireadh a shaoil, éiríonn Alastar níos piseogaí de réir a chéile; tá Caesar dímheasúil ar thuartha agus ar rabhaidh".

**(a)** Tabhair cuntas ar thráth **amháin** i saol Alastair Mhóir **nó** Iúil Caesar a thacaíonn leis an ráiteas seo. I do fhreagra, mínigh go hachomair conas a thacaíonn sé leis an ráiteas seo.

**(b)** Céard iad **dhá** thréith charachtair a bhí i gcoiteann ag Alastar Mór **agus** Iúil Caesar, dar leat? Cosain do fhreagra agus tagairt agat d'imeachtaí a ndearna tú staidéar orthu.

**Ceist 8** **(20 marc)**

Léigh Téacs A thíos, a tógadh ó *Óid 3.16* le Horáit.

**Téacs A:** Sruthán fíoruisce, cúpla acra adhmaid,
agus dóchas muiníneach as an bhfómhar: is beannaithe mo
chinniúint ná grán órga
na hAfraice torthúla.

**(a)** Conas a bhaineann an suíomh tuaithe / dúlra i bhfilíocht Horáit lena thuairimí faoi conas saol maith a chaitheamh? Tacaigh le do fhreagra le hanailís ar Théacs A **nó** ar aon óid nó eapóid eile.

**(b)** Pléigh **dhá** bhealach ina bhfuil comparáid idir do thuairimí féin ar shaol maith a chaitheamh agus tuairimí Horáit.

**Ceist 9** **(20 marc)**

Léigh an sliocht thíos a tógadh as Leabhar 2 den *Aeinéid* le Veirgil.

> "A Fhir Chéile a bhfuil grá agam duit, cén fáth a roghnaíonn tú ligean duit féin géilleadh do dhobrón fiáin mar sin? Ní tharlaíonn na rudaí seo gan toil na ndéithe. Ní hé a dtoil go rachadh Creusa in éineacht leat nuair a fhágann tú an áit seo. Ní cheadaíonn rí Oilimpeas Aird é. Tá deoraíocht fhada romhat agus farraige ollmhór le treabhadh sula sroichfidh tú tír Hesperia, áit a sníonn an abhainn Lidiach, an Thybris, go réidh trí dhúiche shaibhir de laochra cróga. Tá rath, Ríocht agus brídeog ríoga ag fanacht leat ansin. Glan díot na deora atá á sileadh agat do Creusa ar thug tú grá di. Ní bheidh ormsa féachaint ar pháláis thaibhseacha na Mirmeadón agus mhuintir Dolopia. Is iníon le Dardanus mé agus ba mhac le Véineas é m'fhear céile, agus ní rachaidh mé choíche le bheith i mo sclábhaí ag mátrún ar bith ar an nGréig. Is í Máthair Ollmhór na nDéithe a choinníonn anseo sa Traí mé. Guíonn siad turas slán ort. Ná teip i do ghrá dár mac."

**(a)** Cé atá ag labhairt sa sliocht seo **agus** cé leis a bhfuiltear ag labhairt? Luaigh a n-ainmneacha.

| Cainteoir: | An té a bhfuiltear ag labhairt leis: |
|---|---|

**(b)** Scrúdaigh an chaoi a dtacaíonn an sliocht seo leis an tuairim gur saothar bolscaireachta ar son Ágastas atá san *Aeinéid* le Veirgil. Tagair do **dhá** shampla ar a laghad ón sliocht i do fhreagra.

**Ceist 10** **(20 marc)**

Léigh na línte tosaigh den *Odaisé* agus den *Aeinéid* i dTéacs A agus i dTéacs B thíos .

**Téacs A:** An *Odaisé*

Inis dom, a Bhé, scéal an fhir sheiftiúil sin a spreagadh le dul ar seachrán i bhfad is i gcéin tar éis dó daingean naofa na Traí a chreachadh. Chonaic sé cathracha mórán daoine agus d'fhoghlaim sé a nósanna. D'fhulaing sé crá ollmhór ar an mórmhuir agus é ag streachailt lena bheatha a shábháil agus lena chomrádaithe a thabhairt abhaile. Ach theip air na comrádaithe sin a shábháil, ainneoin a chuid iarrachtaí go léir. Ba iad a gcionta féin a chuir deireadh leo, mar le teann baoise d'ailp siad siar daimh Hyperion, Dia na gréine, agus chinntigh seisean nach bhfillfeadh an lá go deo arís. Inis dúinn an scéal seo, a bhandia agus a iníon Shéas, ag tosú ag pé pointe is mian leat.

**Téacs B:** An *Aeinéid*

Canaim faoi airm agus faoin bhfear a raibh an deoraíocht i ndán dó, a d'fhág talamh na Traí i bhfad ó shin agus a tháinig chun na hIodáile chuig cladaí Lavinium; agus is mór an tuairteáil a thug déithe na bhflaitheas dó ar muir is ar tír mar gheall ar fhearg fhíochmhar dhodhearmadach Iúnó. Ba mhór freisin a fhulaingt sa chogadh sula bhféadfadh sé a chathair a aimsiú agus a dhéithe a iompar isteach i Latium. Ba é seo tús an chine Laidinigh, aithreacha Alban agus ballaí arda na Róimhe. Inis dom, a bhé, cúis a feirge. Cén chaoi ar sháraigh sé toil bhanríon na ndéithe? Cén cion a rinne sé? Cén fáth ar tharraing sí an oiread sin cruatain agus fulaingthe síoraí anuas ar fhear a raibh cáil na naofachta air? An féidir go bhfuil an oiread sin feirge i gcroíthe dhéithe na bhflaitheas?

**(a)** Ainmnigh gné na filíochta eipiciúla a fhaightear i dTéacs A **agus** i dTéacs B **araon**.

| |
|---|
| |

**(b)** Céard iad na teicnící scéalaíochta eile a úsáidtear i dTéacs A **agus** i dTéacs B chun aird an lucht éisteacha a choinneáil? Tagair do shampla **amháin** as **gach** téacs.

| |
|---|
| Téacs A: |
| |
| |
| |
| |
| Téacs B: |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Bunaithe ar do léamh ar an *Odaisé* **nó** ar an *Aeinéid*, an dóigh leat go dtugann na línte tosaigh forbhreathnú cruinn ar a dtarlaíonn san eipic? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat do Théacs A **nó** do Théacs B.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

Cuirtear tús le Roinn B – Freagraí Fada – ar Lch. 14.

| Roinn B | Freagraí Fada | 200 marc |
|---|---|---|

**Ceist 11** **(120 marc)**

Léigh an sliocht seo le David Raeburn, saineolaí ar na Clasaicí, agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Is féidir téacsanna na Traigéide Gréagaí a spíonadh go fónta mar cháipéisí sochstairiúla de bharr an léargais a thugann siad ar chleachtais agus ar luachanna shochaí na Sean-Aithne. Thar aon ní eile, féachaimse orthu mar shaothair ealaíne liteartha agus mar shárshaothair in amharclannaíocht an domhain.

**(a)** Pléigh tábhacht shibhialta **agus** reiligiúnach na Traigéide Gréagaí sa tSean-Aithin. (40 marc)

**(b)** Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas. (80 marc)

**(i)** An dóigh leath gur 'saothar ealaíne liteartha agus sárshaothar amharclannaíochta' é *Méidé* le hEoiripidéas **nó** *Philoctetes* le Sofaicléas? Cosain do fhreagra le hanailís ar an téacs **agus / nó** ar an gcaoi ar cuireadh i láthair ar stáitse é sa tSean-Ghréig.

**NÓ**

**(ii)** Measúnaigh an chaoi a léiríonn na carachtair in *Méidé* le hEoiripidéas **nó** i *Philoctetes* le Sofaicléas na róil shóisialta agus na luachanna a bhain le sochaí na Sean-Ghréige.

**NÓ**

**(iii)** Céard iad na teachtaireachtaí lárnacha in *Méidé* le hEoiripidéas **nó** in *Philoctetes* le Sofaicléas, dar leat? Cosain do thuairim trí anailís ar an téacs a chur san áireamh.

| Spás don Phleanáil más rogha leat é a úsáid: |
| --- |
| |

Freagra ar Cheist 11 (b), páirt

Spás Freagartha le haghaidh líníochtaí, léaráidí etc., más rogha leat é a úsáid:

Freagair ceann **amháin** de na cúig cheist thíos anseo. **(80 marc)**

**Ceist 12**

Pléigh conas a chuireann caidreamh idir athair agus a mhac leis an insint fhoriomlán i dtéacs **amháin ar a laghad** a ndearna tú staidéar air. Féadfaidh tú ábhar as ceann **ar bith** de na ceithre Shnáithe ar do chúrsa a úsáid.

**NÓ**

**Ceist 13**

Scrúdaigh na róil a ghlac Teampall Veiste **agus** an Eirictéón ina gcuid sochaithe. I do fhreagra, pléigh an chaoi a mbaineann gnéithe ailtireachta **gach** teampaill lena róil.

**NÓ**

**Ceist 14**

**(a)** Cuir i gcomparáid eispéiris Odaiséis agus Aeinéas le linn a gcuairteanna ar an Domhan Thíos.

**(b)** Cé acu cuairt ar an Domhan Thíos a bheadh níos laochúla i dtuairim a lucht féachana ársa, dar leat? Pléigh na luachanna laochúla sa tSean-Ghréig **agus** sa tSean-Róimh i do fhreagra.

**NÓ**

**Ceist 15**

Measúnaigh conas a bhí tionchar ag an gceannaireacht a thaispeáin Alastar Mór **nó** Iúil Caesar ar an toradh a bhí ar eachtra mhíleata ollmhór **amháin ar a laghad**. Luaigh sonraí míleata i do fhreagra.

**NÓ**

**Ceist 16**

**(a)** Conas a spíonann *Crito* Phlatóin téamaí na freagrachta pearsanta agus an cheartais? Tagair don téacs mar thacaíocht le do fhreagra.

**(b)** An aontaíonn tú le cinneadh Shócraitéas glacadh lena phionós? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

| Spás Pleanála más rogha leat é a úsáid: |
|---|

Freagra ar Cheist

Spás Freagartha le haghaidh líníochtaí, léaráidí, etc., más rogha leat é a úsáid:

Spás breise le haghaidh do fhreagra:

| Spás breise le haghaidh do fhreagra: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## Admhálacha:

### Téacsanna

Lch. 9: Plutarch. *The Age of Alexander.* Trans. & Ed. Timothy Duff. London: Penguin Books, 2012.

Lch 10: Horace. *The Complete Odes and Epodes*. Trans. W. G Shephard. London: Penguin Books, 1983.

Lch 11: Virgil. *The Aeneid.* Trans. David West. London: Penguin Books, 2003.

Lch 12: Homer. *Odyssey.* Trans. E.V. Rieu. Ed. Dominic Rieu. London: Penguin Books, 2003.

Virgil. *The Aeneid.* Trans. David West. London: Penguin Books, 2003.

Lch 14: Raeburn, David, trans. *Electra and Other Plays*. By Sophocles. Ed. David Raeburn. London: Penguin Books, 2008.

Ná scríobh ar an leathanach seo.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Léann Clasaiceach

Dé Luain 26 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30